

## NA CAINTEOIRÍ AGUS A GCUID ÁBHAR CAINTE

[ctrl + cliceáil le nasc a leanúint]

- Mícheál Hoyne** :: Filíocht na Scol: stair agus cineál
- Brianán Ní Bhuachalla** :: *A fhir fhágghas Inis Chuinn*: dán do Sir Lucas Dillon
- Ciara Ní Mhurchú** :: *Cuid ronna a n-anbhuaín Éireann*: dán do Mhaol Muire Mac Suibhne le Pádraig Óg Mac an Bhaird.
- Emmet de Barra** :: *Mairg fríoth le furtacht Éireann*: marbhna ar Fheidhlim Rua Ó Néill (1652/3)
- Deirdre Nic Chárthaigh** :: Éire ina máthair mhídhílis in *Tugadh an t-ár-so ar Éirinn*
- Meidhbhín Ní Úrdail** :: *Pailm don fhuil as uaisle linn*: Eoghan Ruadh mac Airt Uí Néill (ob. 1649), laoch fhíli na Gaeilge thuaidh is theas.
- Deirdre Nic Mhathúna** :: Marbhna ar fhear míleata le Piaras Feiritéar
- Philip Mac a' Ghoill** :: Tionscadal MACMORRIS: léiriú ar phearsana agus ar an gcomhthéacs in Éirinn sa 16ú–17ú haois.
- Brendan Kane** :: An chartlann Ghaelach agus aois na réabhlóide, 1630-1660
- Mícheál Ó Siochrú** :: Athchruthú na staire: foinsí Béarla don seachtú haois déag

### MÍCHEÁL HOYNE

Léachtóir i Roinn na Gaeilge agus na dTeangacha Ceilteacha i gColáiste na Tríonóide is ea Mícheál Hoyne. Tá sé ina chomheagarthóir ar an iris Ériu.

#### Filíocht na Scol: stair agus cineál

Beidh an fhilíocht shiollach i lár an aonaigh sa chomhdháil seo agus dá bhrí sin níor mhiste an cheist a chur: cad é 'Filíocht na Scol' nó Bardic Poetry? Sa léacht seo déanfaidh mé iarracht cur síos gairid a dhéanamh ar shaintréithe na filíochta siollaí sa tréimhse 1200–1650 agus léargas éigin a thabhairt ar chuid de na cora a bhain di sa tréimhse sin.

Comhdháil na Tríonóide: Dánta cogaidh & dánta síochána ó lár an 17ú hAois  
20 Bealtaine 2022

## BRIANÁN NÍ BHUACHALLA

Is mac léinn PhD í Brianán i Roinn na Gaeilge agus na dTeangacha Ceilteacha i gColáiste na Tríonóide, BÁC. Baineann a cuid taighde dochtúireachta le ‘Eachtra an Cheithearnaigh Chaoilriabhaigh’, téacs próis ó thréimhse na Nua-Ghaeilge Moiche. Tá sí ag obair ar eagrán criticiúil den téacs agus ar aistriúchán Béarla, chomh maith le cur síos ar theanga agus ar chomhthéacs an scéil agus plé ar thraidisiún lámhscríbhinní an téacs.

### ***A fhir fhágghas Inis Chuinn: dán do Sir Lucas Dillon***

Tá an páipéar seo bunaithe ar dhán ón 17ú haois dar tús A fhir fhágghas Inis Chuinn. Chum an file Muiris mac Briain Óig Uí Mhaolchonaire an dán seo do Sir Lucas Dillon (1579-1656) chun slán a chur leis agus é ag dul ar thuras go Londain sa bhliain 1628. Tabharfaidh mé sonraí faoi chomhthéacs, cúlra agus ábhar an dáin. Mar aon leis sin, aistroidh mé an dán go Béarla. Níl ach cóip lámhscríbhinne amháin den dán seo ar marthain, ar feadh m’eoilais, agus déanfaidh mé iniúchadh ar an lámhscríbhinn féin (ARÉ 744/A V 2) agus ar an méid a insíonn sí dúinn faoi Sir Lucas Dillon agus faoina mhuintir. Déanfaidh mé cur síos ar mheadaracht agus ar theanga an dáin, chomh maith le míniú a thabhairt ar aon chinntí eagarthóireachta a rinne mé. Labhróidh mé faoin dán i gcomhthéacs na tréimhse seo i stair na hÉireann agus faoin tionchar a bhí ag cúrsaí cogaidh agus síochána ar ábhar an dáin.

## CIARA NÍ MHURCHÚ

Is mac léinn dochtúireachta í Ciara i Roinn na Gaeilge agus na dTeangacha Ceilteacha i gColáiste na Tríonóide. Díreoidh a tráchtas ar fhilíocht ó lár an tseachtú haois déag; filíocht a bhaineann le hÉirí Amach 1641 go háirithe. Tá a cuid taighde faoi stiúir ag an Dr Eoin Mac Cárthaigh.

### ***Cuid ronna a n-anbhuain Éireann: dán do Mhaol Muire Mac Suibhne le Pádraig Óg Mac an Bhaird.***

Cumadh an dán seo do Mhaol Muire mac Donnchadha de Shuibhnigh na dTuath, fear a bhí an-ghníomhach le linn bhlianta an chogaidh in Éirinn ó 1641-1653. Coirnéal san arm Ultach ab ea é agus is léir go raibh sé ina cheannródaí, ó thaobh chosaint na nGael de, de réir an dáin seo. Tá tagairtí fairsinge dó le fáil i bhfoinsí eile na tréimhse seo chomh maith, ach is é seo an t-aon dán atá againn faoi. Déanfaidh an páipéar seo plé ar an dán luachmhar seo ina moltar Maol Muire, agus ina ndéantar tagairtí do chruatan na hÉireann le linn na tréimhse achrannaí seo, agus cuirfear an íomhá a fhaightear de Mhaol Muire i gcomhthéacs na ráitisí agus na líomhaintí a fhaightear faoi i bhfoinsí na tréimhse.



## Comhdháil na Tríonóide: Dánta cogaidh & dánta síochána ó lár an 17ú hAois 20 Bealtaine 2022

### EMMET DE BARRA

Is scoláire iarchéime de chuid na Comhairle um Thaighde in Éirinn i Roinn na Gaeilge agus na dTeangacha Ceilteacha i gColáiste an Tríonóide é Emmet de Barra. Faoi láthair tá sé ag cur eagar ar Chaithréimeanna Uí Néill 1540-1660. I measc a shuimeanna taighde tá filíocht na scol, Éire Ghaelach is Ghaelaithe, agus foinsí Gaeilge don Nua-Aois Luath. Tá spéis aige chomh maith sa bpailéagrafaíocht agus i ndéantús na lámhscríbhinní.

#### ***Mairg fríoth le furtacht Éireann: marbhna ar Fheidhlim Rua Ó Néill (1652/3)***

Pléifear an dán Mairg fríoth le furtacht Éireann, marbhna ar Fheidhlim Rua Ó Néill, a d'éirigh amach in 1641 agus a fuair bás in 1652/3. Bhí ról tábhachtach aige i bpolaitíocht agus in arm na Comhdhála Caitlicí, agus ghlac páirt i gCath na Binne Boirbe in 1646. Feicfear sa dán seo, a cumadh díreach i ndiaidh bháis Fheidhlim, cuntas ar Fheidhlim mar cheann urra ar Éirinn i gcoinne na nGall, agus mar dhuine a chosain an Eaglais Chaitliceach. Feicfear chomh maith cur síos ó dhearcadh na nGael ar staid na hÉireann ó lmeacht na nIarlaí go dtí an tÉirí Amach in 1641.

### DEIRDRE NIC CHÁRTHAIGH

Duine de scoláirí Uí Dhonnabháin i Scoil an Léinn Cheiltigh in Institiúid Ard-Léinn Bhaile Átha Cliath is ea Deirdre Nic Chárthaigh. Tá spéis aici i bhfilíocht agus i bprós na Nua-Ghaeilge Moiche. Tá sí ina ball de mheitheal oibre an tionscadail Léamh.org.

#### ***Éire ina máthair mhídhílis in Tugadh an t-ár-so ar Éirinn***

Déanfar iniúchadh sa pháipéar seo ar Tugadh an t-ár-so ar Éirinn, dán a leagtar ar Eóghan Mac Craith agus a cumadh sa bhliain 1640. Dán polaitiúil atá ann ina dtugtar tuairisc ar dhrochbhail na tíre agus ar ísliú stádas na n-uaisle go háirithe. Is i bhfriotal láidir, teagascach, a bhfuil tionchar morálta an Fhrith-Reifirméisín le brath air, a mhínítear cruachas na hÉireann. Díreofar go háirithe ar an gcur síos a dhéantar ar Éirinn mar mháthair mhínádúrtha a bhfuil a hál féin tréigthe aici agus a bhfuil 'clann choimhthíoch' ar an gcíoch anois aici. Íomhá í seo atá coitianta i bhfilíocht na tréimhse agus a léiríonn an claochlú a tháinig ar an íomhá d'Éirinn mar bhean sa seachtú haois déag.

## Comhdháil na Tríonóide: Dánta cogaidh & dánta síochána ó lár an 17ú hAois 20 Bealtaine 2022

### MEIDHBHÍN NÍ ÚRDAIL

Ceann na Nua-Ghaeilge sa Choláiste Ollscoile Baile Átha Cliath agus ball d'Acadamh Ríoga na hÉireann is ea an tOllamh Comhlach Meidhbhín Ní Úrdail. Is é *Pádraig Ó Laoghaire (1870–1896): an Irish scholar from the Béarra Peninsula* an saothar is déanaí uaithi, an ceathrú leabhar dá cuid mar údar aonair, a d'fhoilsigh Cumann Staire Bhéarra (2021).

***Pailm don fhuil as uaisle linn: Eoghan Ruadh mac Airt Uí Néill (ob. 1649), laoch fhilí na Gaeilge thuaidh is theas.***

Tá bailiúchán substaintiúil de dhánta tagtha anuas chugainn a cumadh in ómós d'Eoghan Mór mac Airt Uí Néill, ar a dtugtar coitianta Eoghan Ruadh, é siúd a bhris ar Robert Munro i gcath na Binne Boirbe i dTír Eoghain ar 5 Meitheamh 1646, ach a cailleadh féin trí bliana ina dhiaidh sin i gCaisleán Chloch Uachtair sa Chabhán. Go dtí aon dán amháin, is cosúil, is i ndiaidh a bháis a cumadh a bhfuil d'fhilíocht in omós dó. Cuid den oidhreacht fhileata san is ábhar don chaint seo.

### DEIRDRE NIC MHATHÚNA

Is Ollamh Cúnta in Fiontar agus Scoil na Gaeilge, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, í an Dr Deirdre Nic Mhathúna. Tá spéis ar leith aici i bhfilíocht Phiarais Feiritéar (c.1600 - c.1652) agus i saothair agus i ngréasáin teagmhálacha dhá údar ón bhfichiú haois, an Moinsíneoir Pádraig de Brún agus Tomás Ó Criomhthain. Tá sí ina Cathaoirleach ar Chumann Merriman, ina Rúnaí ar Studia Hibernica agus ina Cisteoir Idirnáisiúnta ar an gComhdháil Mheiriceánach do Léann na hÉireann.

#### **Marbhna ar fhear míleata le Piaras Feiritéar**

Pléifear an dán Mo thraochadh is mo shaoth lém ló thu le Piaras Feiritéar sa pháipéar seo. Ar leithinis Chorca Dhuibhne a saolaíodh an Feiritéarach thart ar an mbliain 1600 agus cuireadh chun báis é de bharr a chuid gníomhaíochta míleata sa bhliain 1652 nó mar sin. Marbhna ar fhear míleata eile, Muiris Mac Gearailt, a fuair bás agus é in arm na Spáinne atá sa dán seo. Rianófar ábhar an dáin agus scagfar an léargas a thugtar ann ar thréithe pearsanta an Ghearaltaigh, go háirithe an moladh a thugtar dá chumas agus dá ghradam i gcúrsaí cogáíochta. I measc na ngnéithe eile a phléifear, tá an cur síos suathinseach a dhéantar ar an tsochraid mhíleata a tugadh dó agus an leas a bhaintear as logainmneacha sa dán chun é a dhaingniú i ndúchas na hÉireann ar lámh amháin agus i gcomhthéacs na hEorpa ar an lámh eile.



## Comhdháil na Tríonóide: Dánta cogaidh & dánta síochána ó lár an 17ú hAois 20 Bealtaine 2022

### PHILIP MAC A' GHOILL

Chríochnaigh Philip Mac a' Ghoill a PhD le Coláiste na Tríonóide i mí an Mhárta 2021. Tá a chuid taighde dírithe ar fhilíocht na Nua-Ghaeilge Clasaicí den chuid is mó, ag déanamh scrúdú ar theanga, ar ghnéithe liteartha agus ar chomhthéacs stairiúil na ndánta. Tá sé ag obair faoi láthair mar thaighdeoir iardhochtúireachta le tionscadal MACMORRIS in Ollscoil na hÉireann, Maigh Nuad.

#### **Tionscadal MACMORRIS: léiriú ar phearsana agus ar an gcomhthéacs in Éirinn sa 16ú–17ú haois.**

Tionscadal gradaim de chuid an IRC is ea MACMORRIS atá ag obair i dtreo shaibhreas agus fhairsinge chultúr na hÉireann sna blianta 1541–1691 a léiriú. Déanfar plé sa chur i láthair seo ar an taighde ceannródaíoch atá ar bun mar chuid de thionscadal MACMORRIS, ar an méid atá bainte amach agus ar an obair atá idir lámha go fóill, chomh maith leis an dóigh ar féidir le taighdeoirí atá ag iniúchadh stair agus litríocht na tréimhse seo leas a bhaint as torthaí an tionscadail.

Déanfar plé gairid fosta ar an dán Dia do bheatha i n-adhbhaidh h'athar mar shampla den taighde atá á dhéanamh ar an tréimhse. De réir dealraimh, cumadh an dán go luath in 1641 do Dhonnchadh Óg (mac Cormaic) Mac Cárthaigh (†1665), 1ú hIarla Chlann Cárthaigh & 2ú Bíocunta Mhúscraí, ar theacht abhaile ó Londain dhó i ndiaidh achainí a dhéanamh ar an rí i gcoinne Fhear Ionaid an Rí in Éirinn, Thomas Wentworth (†1641). I mí Feabhra 1641, tháinig Donnchadh i gcomharbas ar a athair, Cormac Óg, a fuair bás i Londain.

### BRENDAN KANE

Is Ollamh Comhlach le Stair is le Litríochtaí, Cultúir is na Teangacha é Brendan Kane ag Ollscoil Connecticut. Is é a phríomhghort taighde ná Éire is Sasana sa Nua-Aois Luath, le spéis ar leith aige sa choilíneachas is sa chéad-teagmháil. Is duine de bhunaitheoirí is de stiúrthóirí an Encounters Series é, clár dioscúrsa poiblí a cheanglaíonn taighde acadúil le cúraimí an phobail. Is ball é d'fhoireann oibre Léamh ó 2014.

#### **An chartlann Ghaelach agus aois na réabhlóide, 1630-1660**

Ar tharla réabhlóid in Éirinn idir na blianta 1630 is 1660? An bhfacthas athrú ón Meánaois go dtí an Nua-Aois sa ré seo? Is léireasc den staireagrafaíocht Shasanach é go raibh an ré seo ar na tréimhsí ba shuntasá sa Bhreatain Mhór, in Éirinn agus, go deimhin, ar fud na hEorpa ar fad. Ach tá an tuiscint sin bunaithe ar fhoinsí Béarla amháin: is beag an ról atá ag na Gaeil sa leagan sin den stair seachas mar íospartaigh, daoine a bhí ar an taobh mícheart den stair. Pléann an páipéar seo leis na mórcheisteanna stairiúla siúd a bhaineann leis an aois réabhlóideach i lár an seachtú haois déag, ach pléitear iad leis an gcartlann Ghaelach mar fhoinse an scéil agus mar chúlra na staire. Sa chás sin, céard iad na foinsí a théann i ngleic leis na téamaí móra staire sin? Cén chaoi a bhfeidhmíonn na foinsí seo mar “chartlann” agus cén cineál naisc atá le tarraingt astu chun scéal iomlán na tréimhse seo in Éirinn a aithris?

## Comhdháil na Tríonóide: Dánta cogaidh & dánta síochána ó lár an 17ú hAois 20 Bealtaine 2022

### MICHEÁL Ó SIOCHRÚ

Is ollamh le stair na hÉireann i gColáiste na Tríonóide é Micheál Ó Siochrú. Saineolaí sa seachtú haois déag, d'fhoilsigh sé go leor ar an ábhar go dtí seo – na leabhair *God's Executioner: Oliver Cromwell and the conquest of Ireland (2009)* agus *Confederate Ireland, 1642-1649: A political and constitutional analysis (2008)* ina measc. Faoi láthair, tá eagrán a n-ullmhú aige de *Theistíochtaí 1641*, de Leabhair Suirbhéireachta is Dáileacháin, agus de litreacha Oilibhéir Chromail.

#### **Athchruthú na staire: foinsí Béarla don seachtú haois déag**

Is minic a bhíonn staraithe Éireannacha na nua-aoise luaithe ag gearán faoi easpa bunfhoinsí i gcomparáid lena gcomhghleacaithe i Sasana agus ar an mór-roinn. Go deimhin, feicimid a mhalairt don té atá i mbun oibre ar Chogaí na dTrí Ríochtaí sna 1640idí. Cinnte, cailleadh ábhar suntasach thar na blianta, go háirithe nuair a scriosadh na Ceithre Cúirteanna i Meitheamh 1922 ag tús an Chogaidh Chathartha, ach tháinig neart slán. Tá tionscadal nua idir lámha i gColáiste na Tríonóide, dar teideal *Beyond 2022*, chun spreagadh a thabhairt d'athmheasúnú ar stair na hÉireann trí na cartlanna cailte a athchruthú. Díreoidh an páipéar seo ar an ábhar Béarla ó na 1640idí agus 1650idí, a thugann cúlra comhthéacsúil don fhilíocht is don phróslitríocht Ghaeilge a bheidh á bplé ag rannpháirtithe le linn na comhdhála. Cé go mbaineann na foinsí seo go príomha le radharc na gcoilíneach ó Chaisleáin Átha Cliath, is féidir iad a úsáid freisin chun léargas uathúil a sholáthar ar shaol cailte i lár an seachtú haois déag.